

AN FHUAIDH MHÓR

Tá an Fhuaidh Mhór ar an taobh ó thuaidh den Oileán, fuaidh dhomhain idir dhá charraig. Tá an Geamaire idir an Fhuaidh Bheag agus an Fhuaidh Mhór. Tá an Fhuaidh Mhór taobh thiar den Gheamaire. Crompán beag an Geamaire, aill ard ar an taobh thiar de. Tagann an fheamainn ann san Aibreán---sgothach Aibreáin a thagas ann. Tá an Fhuaigh Leanamhnach ar an taobh thiar dtuaidh den oileán agus tá gach carraig ar an taobh thiar dtuaidh díbeartha rithite. Ballaigh mhóra ann. Tá an fhuaidh seo sáthach leathan ag bád chúig tonnta. Cuirtear daoine i dtír ann.